Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10362/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0236 (COD)**

**SIMPL 54**
**ANTICI 62**
**AGRI 281**
**AGRIFIN 68**
**AGRIORG 80**
**AGRISTR 26**
**AGRILEG 98**
**FIN 691**
**COH 105**
**CODEC 816**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Omnibus maidir leis an talmhaíocht<br>- *Díospóireacht bheartais* |

Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 24 Bealtaine 2025, d'iarr Uachtaránacht na Polainne ar an gCoimisinéir Hansen an Togra ón gCoimisiún le haghaidh *Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 a mhéid a bhaineann leis an gcóras coinníollachta, cineálacha idirghabhála i bhfoirm íocaíochta dírí, cineálacha idirghabhála in earnálacha áirithe agus tuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht agus Rialachán (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le rialachas sonraí agus idir-inoibritheachta, íocaíochtaí a chur ar fionraí agus rialuithe agus pionóis*, i mbeagán focal, 'an Omnibus maidir leis an talmhaíocht' (8983/1/25 REV 1, ADD 1+ 2) a chur i láthair, mar mhír 'aon ghnó eile'.

Ag an gcruinniú a mheastar a bheidh ar siúl an 23 Meitheamh 2025, iarrfaidh Uachtaránacht na Polainne ar na hairí a chur in iúl cé na gnéithe den togra thuasluaite, más ann dóibh, a dteastaíonn modhnuithe ina leith, agus a mhéid a bheidh modhnuithe ag teastáil ina leith.

Iarrtar ar na toscaireachtaí a n-am labhartha a theorannú do 3 nóiméad.